**An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí (BCC/**QAB**)**

**Próiseas Faofa um Leasú Clár BCC**

## Réamhrá

Tugann an BCC faomhadh do chláir Oideachas Tosaigh Gairmiúil Leibhéal 7 agus 8 don earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC). Scrúdaíonn an Bord cláir ardoideachais chun iad a ailíniú le Critéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (CDGT/PACG) a forbraíodh don earnáil in 2019.

Moltar d'Institiúidí Ardoideachais (IAOanna) gur gá dóibh a chur in iúl don BCC faoi aon athruithe ar an gclár tar éis dóibh faomhadh tosaigh a fháil ón BCC. Tá sé seo ríthábhachtach toisc go gcinntítear go ndéanann rúnaíocht an BCC aon athruithe a thaifeadadh, agus go ndéantar athbhreithniú breise ar leasuithe ar chláir a mheastar a bheith substainteach lena chinntiú go gcloítear go leanúnach leis an CDGT.

Tugann sé seo deis freisin do rúnaíocht an BCC a chinntiú go gcoimeádtar liosta faofa na gclár IAO cothrom le dáta agus go dtugtar soiléire do mhic léinn agus do chéimithe na gclár atá ceadaithe ag an BCC.

Úsáideann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) an liosta atá ceadaithe ag an BCC chun maoiniú a cheadú do chéimithe na gclár atá faofa ag an BCC agus chun na cláir a aithint chun críocha fostaíochta san earnáil. Féadfaidh an RLCMLÓ tionscnaimh mhaoinithe amach anseo a bhunú ar an liosta atá ceadaithe ag an BCC.

Féadfaidh athruithe ar chláir na samplaí atá leagtha amach thíos a chur san áireamh, ach níl siad teoranta dóibh. Baineann na hathruithe leis an gclár/na cláir atá á thairiscint, agus ní leis an institiúid a bhfuil an clár á tairiscint aici.

Déanann an IAO:

(i) cinneadh gan an clár a reáchtáil, nó é a tharraingt siar
(ii) athruithe ar theideal an chláir
(iii) cinneadh an clár a mhodhnú, mar shampla: modúil a chur leis nó a bhaint, creidmheasanna ECT a leasú, athruithe ar shocrúchán cleachtais na mac léinn, athruithe ar dhámhachtana scoir nó leabaithe, athruithe ar chomhoibrithe institiúideacha maidir le seachadadh clár, athruithe ar aitheantas réamhfhoghlama (RPL) don chlár

## Teagmháil leis an BCC

Ag baint úsáide as an bpróiseas atá leagtha amach sa doiciméad seo, ní mór do IAOanna rúnaíocht an BCC a chur ar an eolas faoi aon athruithe atá beartaithe ar chláir. Má tá athruithe déanta ar chláir cheana féin is féidir, ar bhonn eisceachtúil, faomhadh siarghabhálach a lorg ón BCC ag baint úsáide as an bhfoirm iniata. Tá rúnaíocht an BCC ar fáil chun athruithe pleanáilte a phlé roimh ré le hIAOanna. Ní féidir glacadh leis ó phlé dá leithéid go bhfuil aon chineál faomhadh BCC á thabhairt d'athruithe atá á mholadh agus is éard atá beartaithe ná tacaíocht agus comhairle tosaigh a sholáthar.

**Bloc 1, Plaza Miesach, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XW14**
**Block 1, Miesian Plaza, 50-58 Baggot Street Lower, Dublin 2, D02 XW14**T
+353 1 865 0 967 | BCC@education.gov.ie
www.gov.ie/education

Caithfidh gach athrú dul tríd an bpróiseas leasaithe clár seo. Ní mheasfar go gcomhlíonann an clár athbhreithnithe riachtanais an CDGT go dtí go mbeidh na leasuithe athbhreithnithe agus faofa ag an BCC. Tá sé tábhachtach go gcuirtear in iúl don BCC roimh ré faoi aon athruithe ar chláir fhaofa mar gheall ar an mbaol féideartha do mhic léinn reatha dá dtarraingeofaí siar faomhadh an BCC.

An Próiseas

Tá **Foirm um Leasú Clár BCC** (Aguisín) forbartha chun tacú le IAOanna sa phróiseas seo. Tá príomhchéimeanna an phróisis leagtha amach thíos.

1. Má tá sé i gceist agat do chlár a athrú, comhlánaigh an fhoirm in Aguisín 1 agus seol ar ais í chuig: BCC@education.gov.ie

2. Déanfaidh rúnaíocht an BCC athbhreithniú ar an bhfoirm agus déanfar na hathruithe a mheas mar
   (i) Neamh shubstainteach: mionathruithe riaracháin
   (ii) Mionathruithe: athruithe suntasacha riaracháin nó
   (iii) Substainteach: aon athrú acadúil ar an gclár.

3. Measfar i gcoitinne nach mbeidh gá le haon athbhreithniú breise ar chláir a bhaineann le catagóirí (i) agus (ii) ach d'fhéadfadh go mbeadh gá taifid a nuashonrú. Mar shampla, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil athrú ar theideal cláir substainteach nó gur athrú beag atá i gceist, agus nach mbeadh gá ach le nuashonrú ar an liosta foilsithe.

4. Beidh gá le hathbhreithniú ar athruithe ar chláir a mheasann rúnaíocht an BCC gur athruithe substainteacha iad.

5. Ceapfaidh rúnaíocht an BCC athbhreithneoir chun na hathruithe atá beartaithe a mheas. Mar chuid den phróiseas sin féadfaidh an rúnaíocht dul i dteagmháil leis an IAO chun tuilleadh faisnéise a lorg seachas an fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin san fhoirm um leasú cláir. Roinnfear an fhaisnéis seo leis an athbhreithneoir.

6. Eiseoidh an t-athbhreithneoir moladh chuig an BCC dá bhreithniú agus is é a bheidh mar bhreithniú ná
   (i) tar éis na n-athruithe atá beartaithe go gcloífidh an clár leis an PACG, nó
   (ii) tar éis na n-athruithe atá beartaithe nach gcloífidh an clár leis an PACG.

7. Sa chás deireanach seo ní mór don IAO an clár reatha a choinneáil san fhormáid atá faofa ag an BCC faoi láthair más mian leis an IAO faomhadh an BCC a choinneáil. Is féidir an t-athrú a chur isteach athuair do bhreithniú breise ina gcuirfear tuairimí an BCC san áireamh.

8. Cuirfidh rúnaíocht an BCC toradh chinneadh an BCC in iúl go foirmiúil don IAO. Déanfaidh an BCC a dhícheall freagra a thabhairt ar fhógraí athruithe chomh héifeachtach agus is féidir. Más athruithe nach bhfuil substainteach nó mionathruithe iad tá an BCC ag súil go dtabharfar freagra orthu i gceann thart ar cheithre seachtaine. D'fhéadfadh go mbeadh gá le níos mó ama le haghaidh athruithe substainteacha.

9. Forbraíodh Foirm um Leasú Clár BCC (Aguisín) chun tacú le IAOanna sa phróiseas seo. Tá na príomhchéimeanna sa phróiseas leagtha amach thíos.

**Aguisín: Foirm um Leasú Clár BCC**

Tá foirm amháin le comhlánú do gach clár atá faofa ag an BCC.

| **1** | **Teideal an chláir** | |
|---|---|---|
| | Ainm an chláir atá faofa ag an BCC | |
| | Dáta tosaithe an chláir | |
| | Dáta faofa tosaigh an BCC | |
| | Dáta Fheidhmithe an Phróisis[1] Athbhreithnithe um Fhaomhadh an BCC (má bhaineann) | |
| **2** | **Príomhdhuine teagmhála don Chlár** | |
| | Ainm | |
| | Post | |
| | Ríomhphost | |
| | Uimhir ghutháin | |

**3. Tabhair le fios thíos:**
**(i) sonraí aon athrú/athruithe atá beartaithe ar an gclár atá ceadaithe ag an BCC**
**(ii) na cúiseanna a bhfuil athrú/athruithe á ndéanamh, agus**
**(iii) an dáta atá beartaithe chun an t-athrú a chur i bhfeidhm.**

I gcásanna ina bhfuil faomhadh siarghabhálach á lorg ag an IAO ón BCC tabhair le fios go soiléir na dátaí a ndearnadh athruithe agus tabhair mionchuntas ar na cúiseanna nár iarradh faomhadh an BCC ag an am.

**Bain úsáid as bosca nua le haghaidh gach athrú atá beartaithe**

**3.1(a)**
**(i) An t-athrú atá beartaithe ar an gclár atá faofa ag an BCC**

**(ii) Cúis(eanna) leis an athrú atá beartaithe**

**(iii) Dáta pleanáilte chun an t-athrú atá beartaithe a chur i bhfeidhm**

**3.1(b) Liostaigh gach doiciméad tacaíochta atá san áireamh leis an iarratas seo maidir leis an athrú atá beartaithe.**

---

[1] Mar atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha don BCC, is é an Próiseas Athbhreithnithe Forfheidhmithe (Céim 2) an chéad chéim eile sa phróiseas ceadaithe. Is í aidhm an Phróisis Athbhreithnithe Forfheidhmithe ná faomhadh leanúnach an BCC don chlár a dheimhniú agus a dhearbhú. Tosóidh clár píolótach in 2023.